CINNEADH (CBES) 2022/628 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Aibreán 2022

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/266 a bhaineann le bearta sriantacha chun freagairt d'aitheantas na limistéar nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine agus don ordú chun fórsaí armtha de chuid na Rúise a thabhairt isteach sna limistéir sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/266 ([1]).

(2) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin agus chuir fórsaí armtha de chuid na Rúise tús le hionsaí ar an Úcráin.

(3) Trína gníomhaíochtaí míleata mídhleathacha atá ar siúl aici, tá iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith leis an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, á sárú go trom ag an Rúis.

(4) I bhfianaise na géarchéime daonnúla atá ann mar thoradh ar ionradh gan chúis fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin, measann an Chomhairle, gur cheart, i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, do ghníomhaithe daonnúla neamhchlaonta, a thugann aghaidh ar riachtanais dhaonnúla phobal shibhialta na hÚcráine, leanúint de ghníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal a dhéanamh san Úcráin, lena n-áirítear limistéir réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht rialtais.

(5) Measann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur cheart catagóirí áirithe comhlachtaí, daoine, eintiteas, eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a dhíolmhú ó na srianta ar thrádáil earraí agus teicneolaíochta lena n-úsáid in earnálacha áirithe, ar sholáthar seirbhísí agus cúnaimh áirithe a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht sin, agus ar sholáthar seirbhísí a bhaineann le bonneagar in earnálacha áirithe, i gcás inar gá sin go heisiach chun críoch daonnúil sna limistéir sin nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine.

(6) Ina theannta sin, agus chun na críche céanna, measann an Chomhairle freisin gur cheart sásra maolaithe a thabhairt isteach le haghaidh gníomhaíochtaí daonnúla nach gcumhdaítear leis an díolúine thuasluaite.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/266 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/266 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

"2a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach i mír 1 agus mír 2 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) comhlachtaí poiblí nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a fhaigheann maoiniú ón Aontas nó ó na Ballstáit, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, leis an teicneolaíocht, leis na seirbhísí agus leis an gcúnamh dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 go heisiach chun críoch daonnúil sna limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine;

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/266 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 a bhaineann le bearta sriantacha chun freagairt d'aitheantas na limistéar nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine agus don ordú chun fórsaí armtha de chuid na Rúise a thabhairt isteach sna limistéir sin (IO L 42 I, 23.2.2022, lch. 109).

(b) eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a ndéanann an tAontas measúnú colúin orthu agus lenar shínigh an tAontas comhaontú comhpháirtíochta maidir le creat airgeadais ar comhaontú é ar bunaithe air a ghníomhaíonn na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí mar chomhpháirtithe daonnúla de chuid an Aontais, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, leis an teicneolaíocht, leis na seirbhísí agus leis an gcúnamh dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 go heisiach chun críoch daonnúil sna limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine;

(c) eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar dheonaigh an tAontas Deimhniú Comhpháirtíochta Daonnúla dóibh nó a dheimhnítear nó a aithnítear ag Ballstát i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, an teicneolaíocht, na seirbhísí agus an cúnamh ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, leis an teicneolaíocht, leis na seirbhísí agus leis an gcúnamh dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 go heisiach chun críoch daonnúil sna limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine; nó

(d) gníomhaireachtaí speisialaithe na mBallstát, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hearraí, leis an teicneolaíocht, leis na seirbhísí agus leis an gcúnamh dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 go heisiach chun críoch daonnúil sna limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine.

2b. I gcásanna nach gcumhdaítear le mír 2a, agus de mhaolú ar mhír 1 agus mír 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi cibé coinníollacha ginearálta agus sonracha is iomchuí leo, údaruithe sonracha nó ginearálta a dheonú maidir leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú agus seirbhísí agus cúnaimh dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí, leis an teicneolaíocht, leis na seirbhísí agus leis an gcúnamh sin go heisiach chun críoch daonnúil sna limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú a dheonú.";

(2) in Airteagal 7, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

"1a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) comhlachtaí poiblí nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí ón Aontas nó ó na Ballstáit, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí sin dá dtagraítear i mír 1 go heisiach chun críoch daonnúil sna limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine;

(b) eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a ndéanann an tAontas measúnú colúin orthu agus lenar shínigh an tAontas comhaontú comhpháirtíochta maidir le creat airgeadais ar comhaontú é ar bunaithe air a ghníomhaíonn na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí mar chomhpháirtithe daonnúla de chuid an Aontais, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 go heisiach chun críoch daonnúil sna limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine;

(c) eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar dheonaigh an tAontas Deimhniú Comhpháirtíochta Daonnúla dóibh nó a dheimhnítear nó a aithnítear ag Ballstát i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 go heisiach chun críoch daonnúil na limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine; nó

(d) gníomhaireachtaí speisialaithe na mBallstát, ar choinníoll go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 go heisiach chun críoch daonnúil sna limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine.

1b. I gcásanna nach gcumhdaítear le mír 1a agus de mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit, faoi cibé coinníollacha ginearálta agus sonracha is iomchuí leis, údaruithe sonracha nó ginearálta a dheonú maidir leis an gcúnamh agus na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis an gcúnamh agus leis na seirbhísí sin go heisiach chun críoch daonnúil sna limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú a dheonú.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN